TG4
Cód Iompair don Bhord Stiúrtha

Rún agus Scóip

Is riachtanas de chuid na Roinne Airgeadais é go nglacfaidh gach eagraíocht Státmhaoinithe le Cód Iompair Gnó do Chomhaltaí Boird agus don Fhoireann. Leagann an Cód creat cleachtas gnó amach le gur féidir na caighdeáin is airde is féidir a sheachadadh do gheallsealbhóirí agus do chliaint Theilifís na Gaeilge (TG4).

Tá sé i gceist go ndéanfar athbhreithniú ar an gCód seo de réir mar a theastóidh sin chun athruithe sna próisis agus sna nósanna imeachta ó thaobh cinnteoireachta laistigh den Bhord a léiriú agus/nó de réir mar a athróidh an timpeallacht rialála.

Cuspóirí

Rachaidh TG4 i mbun a cuid gníomhaíochtaí agus na prionsabail seo a leanas á léiriú go leanúnach aici:

1. Ionracas, trédhearcacht agus gairmiúlacht ina cuid idirbhearta ar fad
2. Cothroime, comhleanúnachas agus ionracas ina cuid seirbhíse chuig tionscal na scannán agus na teilifíse
3. Meas, cúirtéis, rúndacht agus muinín ina cuid idirghníomhaíochtaí pearsanta ar fad
4. Fhorghníomhach agus smaointeoireacht chun cinn agus í ag comhlíonadh a cuid dualgas
5. Creideamh, mórtas agus paisean maidir le teilifís trí mheán na Gaeilge
6. Tiomantas do chomhionannas agus d'iolrachas maidir le hinscne, gnéasacht, cine creideamh, aois, míchumas nó a bheith mar dhuine den Lucht Siúil.

Beidh Stiúrthóirí TG4 aireach ar na prionsabail thuasluaite i ngach gné dá gcuid oibre chun ardchaighdeán ó thaobh cleachtas eiticiúil a chinntiú.

Déanfaidh TG4 sár-iarracht a chinntiú go ndéanfar idirbhearta airgeadais a dhoiciméadú agus a rialú chuig an leibhéal is airde is féidir de réir na nAchtanna Craolacháin, an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, Oifig an Ard- Reachtaire Cuntas agus Ciste, an Achta um Shaoráil Faisnéise, an Achta um Chosaint Sonraí agus an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí .

Ionracas

- Leasanna seachtracha fostaíochta/gnó a nochtadh ag comhaltaí Boird a thagann salach ar nó a d'fhéadfadh teacht salach ar ghnó TG4.
- Níor cheart go mbeadh baint ag an mbainistíocht agus fostaithe i leasanna seachtracha fostaíochta/gnó, ná i gcoimhlint fhéideartha, ar ghnó an chomhlachta Stáit. (I gcás foirne atá ag smaoineamh ar ghníomhaíochtaí seachtracha a dhéanamh, ní mór dóibh dul i gcomhairle leis an Ard-Stiúrthóir i scríbhinn ar dtús).

- Geallann an Cathaoirleach go mbreithneoidh sé saincheisteanna coinbhleachta leasa Chomhaltaí Boird nach mbaineann le tionscadail faoi leith a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Áirítear ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh a theacht chun cinn cuirí chun dul ar Bhoird, cuirí chuig imeachtaí, rannpháirtíocht i dtionscadail, i ngníomhaíochtaí nó in imeachtaí faoi leith.
- Ba cheart bronntanais chorparáideacha, fáilteachas, caitheamh fabhrach nó sochair a thabhairt nó a fháil a sheachaint a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dó nó a bhféadfadh an chuma a bheith air go ndéanann sé difear do chumas an deontóra nó an fhaighteora chun breithiúnas neamhspleách a dhéanamh ar idirbhearta gnó.
- Bheith tiomanta chun dul san iomaíocht go bríomhar agus go fuinniúil ach go heiticiúil agus go hionraic, chomh maith.
- Ba cheart go seolfaí gníomhaíochtaí ceannaigh earraí / seirbhísí de réir na dTreoirlínte um Sholáthar Poiblí.
- A chinntiú go mbíonn de chultúr ar bun nach n-éilítear costais ach amháin mar is cuí maidir le riachtanais an ghnó agus i gcomhréir leis an dea-chleachtas san earnáil phoiblí go ginearálta.
- A chinntiú gur léiriú cruinn iad tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais TG4 ar fheidhmiú an ghnó agus nach bhfuil siad míthreorach nó in ainm agus bheith míthreorach.
- A sheachaint úsáid a bhaint as acmhainní nó am an chomhlachta Stáit ar mhaithe le daoine/eagraíochtaí nach bhfuil baint acu leis an gcomhlacht nó a ghníomhaíochtaí nó ar mhaithe le hiomaitheoirí.
- Bheith tiomanta gan faisnéis nó rúin ghnó a fháil ar bhealach mícheart.

Rialacha maidir le Coinbhleacht Leasa

Maidir le Tionscadail agus le Comhaltaí Boird ach go háirithe
Sa chás go mbeidh baint ag comhalta boird nó duine a bhfuil baint aige leis (duine gaolmhar nó comhpháirtí gnó) le tionscadal, beidh coinbhleacht leasa i gceist. Beidh bac ar an gcomhalta Boird cáipéisíocht ar bith a fháil maidir le breithniúcháin agus leis an gcinneadh. Déanfar nóta den choinbhleacht leasa sna miontuairiscí.

Maidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Ag teacht leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, comhlánaíonn Stiúrthóirí Ainmnithe (Cathaoirleach agus Comhaltaí Boird) agus Poist Ainmnithe (Ard- Stiúrthóir agus bainisteoirí sinsearacha) Ráitis Leasanna Bliantúla nó Ráitis Gan aon Leasanna don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

Faisnéis

- Tacaíocht a thugann an Bord, bainistíocht agus fostaithe TG4 chun rochtain a sholáthar don chomhlacht ar fhaisnéis ghinearálta a bhaineann le gníomhaíochtaí an chomhlachta ar bhealach atá oscailte agus a fheabhsaíonn a chuntasacht leis an bpobal i gcoitinne.

- Meas a léiriú ar rúndacht faisnéise íogaire atá á coimeád ag TG4. Ábhar mar an t-ábhar a leanas a bheadh i gceist leis seo:

    - faisnéis atá íogair i dtaobh cúrsaí tráchtála (pleananna amach anseo nó sonraí faoi athruithe móra eagraíochtúla nó athruithe eile, ar nós athstruchtúrú ina measc, ach gan bheith teoranta dóibh);
    - faisnéis phearsanta; agus
    - faisnéis a fuair an comhlacht poiblí faoi rún.
- Déanamh de réir na ngnásanna cuí maidir le comhairle roimh ré leis an tríú páirtí má bhíonn i gceist, i gcás eisceachta, faisnéis íogair a fhoilsiú ar mhaithe le leas an phobail.
- Forálacha ábhartha reachtúla a chomhlíonadh (e.g. an reachtaíocht um chosaint sonraí agus um shaoráil faisnéise).
- Ní thiocfaidh deireadh leis an gcomhaontú um neamhnochtadh fhaisnéis faoi phribhléid nó faoi rún nuair a thiocfaidh deireadh le comhaltas Boird nó fostaíocht i TG4. Caithfidh iarchomhaltaí Boird le faisnéis tráchtála a fhaigheann siad agus iad ag gníomhú sa cháil sin mar fhaisnéis atá faoi rún.
- Tá srian le fostaíocht bhreise sa chás go dtiocfadh coinbhleacht fhéideartha leasa chun cinn le linn tréimhse réasúnta amach anseo i ndiaidh do chomhaltaí dul ar scor/éirigh as an mbord.
- Níor cheart do chomhalta de chuid an Bhoird cáipéisíocht a choinneáil a fuair sé/sí le linn a t(h)éarma ina c(h)omhalta Boird agus ba cheart cáipéisíocht den chineál sin nó trealamh a thabhairt ar ais do Rúnaí an Bhoird nó a chur in iúl do Rúnaí an Bhoird go bhfuil cáipéisíocht ar bith den chineál sin atá acu diúscartha ar bhealach atá cuí. Sa chás go bhfuil rochtain ar pháipéir Boird ón tréimhse ina raibh sé/sí ina c(h)omhalta den Bhord de dhíth ó iarchomhaltaí de chuid an Bhoird, is féidir le Rúnaí an Boird sin a éascú.

Oibleagáidí

- Gach oibleagáid rialála agus reachtúil a leagtar ar an gcomhlacht Stáit a chomhlíonadh.
- Nósanna imeachta mionsonraithe tairisceana agus ceannaigh a chomhlíonadh, anuas ar leibhéil fhorordaithe údaráis a chomhlíonadh chun aon chaiteachas ábhartha a cheadú.
- Rialuithe a thabhairt isteach chun cosc a chur ar chalaois, rialuithe leordhóthanacha ina measc le comhlíonadh na nósanna imeachta forordaithe a chinntiú maidir le costais a éileamh ar thaisteal gnó.
- Tá ar gach comhalta Boird agus fostaí comhoibriú le hiniúchóireacht inmheánach sa phróiseas iniúchóireachta inmheánaí.
- Ba cheart do chomhaltaí Boird tabhairt faoi fhreastal ar gach cruinniú Boird.
- Cloí le nósanna imeachta a leagann an Bord síos maidir le cásanna coimhlinte leasa, maidir le glacadh le post ina measc i ndiaidh fostaíochta agus/nó fostaíocht ag comhlacht Stáit a d'fhéadfadh bheith mar chúis le coimhlintí leasa agus/nó le buarthaí rúndachta.
- An dualgas atá ar gach duine a aithint chun cloí leis na caighdeáin is airde d'eitic ghnó.

Dílseacht

- An fhreagracht atá orainn a bheith dílis do TG4 a aithint agus bheith tiomanta go hiomlán i ngach ceann dá ghníomhaíochtaí gnó agus aird a thabhairt air, i gcomhthráth, go gcaithfidh an eagraíocht féin leasanna an scairshealbhóra a thabhairt san áireamh ag gach tráth.

Cothroime

TTá TG4 tiomanta do

- Reachtaíocht um chomhionannas fostaíochta agus stádas comhionann a chomhlíonadh.
- Cothroime i mbun na mbearta gnó ar fad.
- Meas ar an gcustaiméir agus caitheamh go cothrom leis na custaiméirí ar fad.

Timpeallacht Oibre/Sheachtrach

Déanfaidh TG4

- Forbairt cultúir a chur chun cinn 'ina dtugtar rudaí le fios' inar féidir le hoibrithe buarthaí maidir le héagóir thromchúiseach san ionad oibre a thabhairt le fios gan eagla a bheith orthu roimh bheart díoltais.
- An tús áite is airde a thabhairt do shláinte agus sábháilteacht fostaithe a chur chun cinn agus a chaomhnú.
- A chinntiú go ndéantar breithniú iomlán ar bhuarthaí pobail.
- Aon tionchar díobhálach a imríonn oibríochtaí ar an timpeallacht a íoslaghdú.

Freagracht

- An Cód Iompair agus cáipéis bheartais ar nochtadh leasanna a scaipeadh ar gach comhalta Boird, an bhainistíocht agus fostaithe chun é a choimeád.
- A chinntiú go n-aithníonn na faighteoirí thuas go bhfuarthas agus go dtuigeann siad an céanna.
- Leabhrán mínitheach a ullmhú ina soláthraítear treoir agus treorú praiticiúil ar na limistéir sin, ar nós bronntanas agus siamsaíochta agus breithnithe eile eiticiúla a thagann chun solais go rialta.

Athbhreithniú

- Socrú a dhéanamh do, agus bheith tiomanta do, athbhreithniú a dhéanamh ar an gCód Iompair, faoi mar is cuí.

Dáta: Bealtaine 2019